C/2026/754

3.2.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12218 — SOCAR / IP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/754)

1. An 26 Eanáir 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SOCAR Energy Holdings AG ('SOCAR', an Eilvéis), faoi rialú State Oil Company of the Republic of Azerbaijan (an Asarbaiseáin),

— Italiana Petroli S.p.A. (an Iodáil) agus MIP S.p.A. (Lucsamburg, le chéile 'IP'), faoi rialú API Holding S.p.A. (an Iodáil) faoi láthair.

Gheobhaidh SOCAR rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar IP ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bíonn SOCAR gníomhach ar fud an domhain i dtaiscéal olacheantar agus gáscheantar, in ola, gás agus comhdhlúthán gáis a tháirgeadh, a phróiseáil agus a iompar, i bpeitriliam agus táirgí peitriceimiceacha a mhargú, agus i ngás nádúrtha a sholáthar san Asarbaiseáin freisin.

— Is cuideachta fuinnimh iartheachtach é IP san Iodáil, ag a bhfuil scaglanna, saoráidí stórála agus lóistíochta chomh maith le stáisiúin líonta breosla miondíola. Tá IP gníomhach freisin i soláthar mórdhíola táirgí atá bunaithe ar pheitriliam agus fuinneamh in-athnuaite, agus tá sé dírithe ar an Iodáil agus ar an Eoraip.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12218 — SOCAR / IP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË